

Uisce Chorcaí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi rún a glacadh i gComhairle Contae Chorcaí. Bí ag obair leis an duine in aice leat. An bhfuil na focail seo ar eolas agaibh?

fluairíd	soláthar uisce	cruinniú poiblí
An tAire Talmhaíochta, Mara agus Bia		
neamhspleách	le ceapadh	feachtas
baill	éigeantach	bailecheantar
móramh	dóchasach	cluas éisteachta
babhta		

Féachaigí san fhoclóir mura bhfuil sibh cinnte.

Ceist 2 An féidir libh buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre?

Ceist 3 Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna.

1. Cad é an rún ar ghlac Comhairle Contae Chorcaí leis?
2. Cén fáth ar luadh na daoine seo: Simon Coveney agus Christopher O'Sullivan.
3. Cad a bhí le rá ag na daoine seo: Aindrias Ó Muineacháin agus Noel Connell.
4. Cén fáth a bhfuil dóchas ar an ngrúpa feachtais?

Ceist 3 Pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat sula bhféachfaidh sibh ar an tuairisc arís.

Ceist 4 ‘...a chur...’ nó ‘...a chuir...’

- I. Cad é an difríocht idir an dá leagan den bhriathar **cuir** thuas?
- II. Féach ar an mír arís agus breac síos gach foirm den bhriathar **cuir** a chloiseann tú inti.

Ceist 5 ‘...gur **cóir**...’

Is mó nathanna cainte an bhfuil an focal **cóir** iontu. An féidir leat na cinn seo a chur in abairtí lena mbrí a léiriú?

chóir a bheith
cóir nó ceart
cóir leighis
ba chóir
an focal cóir

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil daoine in éadan fluairíd a chur san uisce, dar leat?
2. An ólann tú féin uisce ón sconna nó an gceannaíonn tú buidéil uisce? Cén fáth?
3. Ar chóir íoc as uisce nó ar cheart don rialtas uisce a sholáthar saor in aisce do chách?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

fluairíd – *fluoride*

soláthar uisce – *water supply*

cruinniú poiblí – *public meeting*

An tAire Talmhaíochta, Mara agus Bia – *Minister of Agriculture, Marine and Food*

neamhspleách – *independent*

le ceapadh – *to be nominated*

feachtas – *campaign*

baill – *members*

éigeantach – *obligatory*

bailecheantar – *township*

móramh – *majority*

dóchasach – *hopeful*

cluas éisteachta – *an attentive ear/listening ear*

babhta – *turn/time*

Ceist 2

Iarr ar na foghlaimoirí an cheist a phlé sula seinntear an mhír.

Ceist 3

1. Ba é an rún a bhí i gceist ná deireadh a chur le fluairíd i soláthar uisce na tíre.
2. Tá Simon Coveney chun grúpa saineolaithe neamhspleách a chur ar bun chun staidéar a dhéanamh ar scéal na fluairíde san uisce. Chuir sé an t-eolas sin faoi bhráid bhaill Fhine Gael sa Chomhairle. Ba é Christopher O'Sullivan a chuir an rún os comhair na gcomhairleoirí ag an gcruinniú poiblí.
3. Deir Aindrias Ó Muineacháin go léiríonn an toradh, is é sin gur vótáil móramh mór den chomhairle contae is mó sa tír i bhfabhar an rúin gan fluairíd a bheith san uisce, go bhfuil móramh an phobail ar son deireadh a chur le fluairíd san uisce. Deir sé chomh maith go mbeadh an rogha ag daoine fluairíd a chur san uisce dá mba mhian leo. Deir Noel Connell go bhfuil sé an-sásta gur glacadh leis an rún agus go bhfuil an rialtas chun grúpa saineolaithe a bhunú chun staidéar a dhéanamh ar an ábhar.
4. Tá an grúpa feachtais dóchasach go bhfaighidh siad cluas éisteachta níos fearr an babhta seo toisc toghchán áitiúil a bheith ar siúl sa samhradh.

Ceist 4

- I. Is é an t-ainm briathartha atá i gceist leis an leagan **a chur**, gan *i*. Is é fréamh an bhriathair é **cuir**, agus má tá séimhiú ar **cuir** is é an aimsir chaite atá i gceist.
- II. ...deireadh **a chur** le fluairíd.../...**chuir** an tAire.../...deireadh **a chur** le fluairíd.../...**a chuir** an comhairleoir.../...chun deireadh **a chur** leis.../...**cuirim** fáilte...

Ceist 5

chóir a bheith – *almost*

cóir nó ceart – *just nor right*

cóir leighis – *medical treatment*

ba chóir – *should*

an focal cóir – *the correct/apt word*

Ceist 6

Is féidir leis na daltaí an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Emer Ní Chonaola

Fáilte ar ais. Ghlac Comhairle Contae Chorcaí, an chomhairle contae is mó sa tír, le rún inniu deireadh a chur le fluairíd i soláthar uisce na tíre. Sular thosaigh an cruinniú poiblí, chuir an tAire Talmhaíochta, Mara agus Bia, Simon Coveney, baill Fhine Gael sa gcomhairle ar an eolas faoi ghrúpa neamhspleách atá le ceapadh ag an rialtas le staidéar a dhéanamh ar an ábhar.

Barraí Mescall

Sula dtosaigh¹ cruinniú poiblí na comhairle contae ar maidin, bhí grúpa ó iarthar Chorcaí, go bhfuil feachtas poiblí ar siúl acu chun deireadh a chur le fluairídiú in uisce poiblí, os comhair halla an chontae chun a gcás a dhéanamh leis na baill ar a mbealach isteach. Le breis is leathchéad bliain anuas tá fluairídiú éigeantach in uisce poiblí na tíre. Tá comhairlí bailecheantair uilig an chontae tar éis rún a ghlacadh deireadh a chur le fluairídiú le dhá bhliain anuas, agus inniu bhí a seans ag na comhairleoirí contae cois Laoi. Labhair formhór na mball i bhfabhar an rúin a mhol² an comhairleoir Christopher O'Sullivan. Bhí an móramh chomh mór sin nach raibh gá aon chomhaireamh a dhéanamh air.

Aindrias Ó Muineacháin

Seo é an chomhairle is mó sa tír, móramh ollmhór sa chomhairle is mó ag léiriú na tuairime i measc mhóramh mór an phobail, gur chóir deireadh a chur leis agus go mbeadh rogha ag daoine má theastaíonn uatha, fluairíd a úsáid san uisce.

An comhairleoir Noel Connell, Méara an Chontae

Is léir go bhfuil an-suim san ábhar seo, agus mar Mhéara ar an gcontae, cuirim fáilte roimh³ rún an lae inniu, agus le teachtaireacht an Aire Coveney go bhfuil an rialtas chun grúpa saineolaithe neamhspleách a bhunú chun staidéar a dhéanamh ar an scéal.

Barraí Mescall

Tá sé i gceist ag an ngrúpa seo leanúint lena bhfeachtas chun fluairíd a bhaint dá gcuid uisce agus le toghcháin áitiúla le bheith ar siúl an samhradh seo tá siad thar a bheith dóchasach go bhfaighidh siad cluas éisteachta níos fearr ón rialtas an babhta seo ná mar a fuaireadar go dtí seo uatha. Barraí Mescall, Nuacht TG4, Corcaigh.

¹ Sular thosaigh atá sa Chaighdeán Oifigiúil

² a chuir a deirtear

³ le a deirtear